STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Dealg ‘na Teamhrach’ an t-ochtú haois

Ag deireadh an naoú haois déag, bhí an-tóir ar chóipeanna de dhealg ‘na Teamhrach’ mar mhír den fhaisean Ceilteach. Bhain eagraíocht thábhachtach náisiúnach amháin, Inghinidhe na hÉireann, a raibh Maud Gonne i gceannas uirthi, leas aisti mar shuaitheantas ballraíochta. Tháinig an dealg, a rinneadh os cionn míle bliain roimhe sin, chun bheith ina siombail d’athbheochan chultúir na hÉireann mar gur chuir sí freagra iontach ar fáil ar theoiricí Victeoireacha maidir le cúlmhaireacht mhuintir na hÉireann.

Sa chás seo, ar a laghad, ní bhréagnaíonn an dealg féin an siombalachas: is réad é an dealg seo a labhraíonn faoi chultúr a bhí ag feidhmiú ag an leibhéal is airde ó thaobh sofaisticiúlachta de. Le fírinne, níl sí bainteach le Teamhair: tháinig leanbh a bhí ag súgradh ar an trá i mBaile an Bhiataigh, Co. Na Mí, uirthi sa bhliain 1850 agus dhíol ‘bean bhocht’ í le huaireadóirí i nDroichead Átha. Ina dhiaidh sin, dhíol an t-uaireadóirí í le fear gnó cliste as Baile Átha Cliath darbh ainm George Waterhouse a bhí bainteach cheana féin le seodra na hAthbheochana Ceiltí a tháirgeadh agus a d’athainmnigh an dealg mar Dhealg ‘na Teamhrach’ chomh maith lena cur ar taispeáint le linn an Mhórthaispeántais i Londain sa bhliain 1851. Sa lá atá inniu ann, níl i gceist léi ach mír mhúsaeim amháin ach, ina theanta sin, is ábhar músaeim iomláin í, is é sin, ardsaothar ina bhfaightear léiriú ar scileanna iomadúla. Cé go bhfuil sé níos lú ná 9cm ar trastomhas, táthar tar éis tuairim is 76 phátrún a shainaithint ar a dromchla.

Tá an dá thaobh den dealg, agus fiú amháin na ciumhaiseanna istigh agus amuigh den fháinne, clúdaithe le flúirse mhór dearthaí agus gach ceann acu déanta go han-oilte. Fiú amháin i gcás an chorda a dhaingnigh an dealg ina háit, tá nasc dea-dheartha ann ar a bhfeictear cinn péisteanna, ainmhithe agus daoine. Ní hionann í agus léiriú ar theicníocht ar leith; is léiriú í ar beagnach gach teicníocht a bhí ar eolas ag oibrithe miotail de chuid dheireadh an tseachtú haois agus thús an ochtú haois. Tá bíseanna comhghlasáilte atá chomh tanaí le leámhán, agus iad déanta as cóimhiotal copair, le feiceáil ann in éineacht le gnéithe óir agus airgid. Baintear úsáid as an teicníocht ar a dtugtar slis-snoíodóireacht agus a bhaineann le seodra Gearmánach chun pátrúin fhadaithe d’éin, de phéisteanna agus de bhíseanna a chruthú. Tá sreangacha coirníneacha casta óir cumaiscthe le boinn óir leatháin. Tá stodaí breaca gloine agus ómra scaipthe trí na pátrúin. Ar a haghaidh, tá ainmhí beag fíolagráin ann i bpainéal nach bhfuil ach 2 cm ar leithead, tá lapa tosaigh an ainmhí ardaithe agus tá a chorp casta siar air féin. Ar a chúl, feictear pátrúin eile d’ainmhithe.

Rinneadh an dealg seo do dhuine de scothaicme a cheap go raibh siad ar comhchéim le haon ghrúpa eile san Eoraip iar-Rómhánach. Úsáideadh an dealg mar fháiscín ar fhallaing a caitheadh os cionn léine; ba chineál baill éadaigh cheannasaigh é a dhíorthaíonn ó cheantar na Meánmhara agus ó na faisin a bhain le hoifigigh ardchéime na Biosáinte. In Éirinn, d’úsáid mná ardstádais, agus fir, daoine den chléir agus rialtóirí tuata chomh maith, dealga ar an dóigh sin. Ar ardchrosa a bhaineann le tréimhse rud beag níos déanaí, tá dealga de chineál Dhealg ‘na Teamhrach’ á gcaitheamh ag Íosa agus ag an Maighdean Mhuire.

Léiríonn an dealg creidimh réamh-Chríostaí na hÉireann freisin. I scéal áirithe a bhaineann leis an tréimhse ina ndearnadh dealg ‘na Teamhrach’, insíonn rí Muimhneach, a luíonn le bandia na ceannasachta, dá bhanchéile fallaing chorcra, agus ‘dealg na banríona’, a chur ar an mbandia. Is é a thuigtear as dealg ‘na Teamhrach’ ná go raibh scothaicme Éireannach ann agus í lán de fhéinmhuinín, agus traidisiúin Chríostaí agus réamh-Chríostaí á gcomhtháthú go héasca aici agus mothúchán ann i measc an lucht cumhachta áitiúil gur chuid den Eoraip iad. D’fhéadfadh sé gurbh é sin an uair dheireanach a bhíothas in ann an méid sin a dhéanamh.

Is tionscadal é seo de chuid POST THE IRISH TIMES museum National Museum of Ireland Ard-Mhúsaem na hÉireann RIA Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy